Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6395/22**

**SOC 91**
**EMPL 57**
**SAN 104**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6086/1/22 REV 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair |

1. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in éag an 28 Feabhra 2022.

2. De bhun Airteagail 3 agus 4 de Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha go ceann tréimhse trí bliana.

3. Leagtar amach liostaí ainmniúchán na lánchomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha den Choiste Chomhairleach athnuaite um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, a bhí faighte ag Rúnaíocht na Comhairle faoin 16 Feabhra, sa dréacht-Chinneadh ón gComhairle in 5379/1/22 REV 1.

4. Roimh an gcruinniú a bhí ag Coreper an 16 Feabhra 2022, cuireadh in iúl do na toscaireachtaí go bhféadfaí daoine breise a chur le liosta na lánchomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach. An 16 Feabhra, d'aontaigh Coreper a mholadh don Chomhairle an cinneadh a ghlacadh, ar an tuiscint go bhféadfaí ainmneacha breise a chur leis roimh chruinniú na Comhairle.

5. Leagtar amach na liostaí nuashonraithe d'ainmniúcháin an Choiste Chomhairligh athnuaite um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a fuair Rúnaíocht na Comhairle in 5379/2/22 REV 2.

6. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) Cinneadh 5379/2/22 REV 2 ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.